# Tiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair Míreanna Neamhchaipitil

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna airgead a fháil ó Chumann na dTuismitheoirí tar éis dóibh airgead a thiomsú faoi chomhair míreanna neamhchaipitil. Ba cheart go n-aistreofaí an t-airgead sin chuig cuntas bainc na scoile a luaithe is indéanta.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an ioncam a fuarthas agus ar an gcaiteachas.

### 2.1. Ioncam a Fuarthas

**Céim 1**

Cuntas 3700 Níor cheart ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí a úsáid ach amháin chun fáil ioncaim a thaifeadadh i gcuntas reatha na scoile ó chuntas bainc chumann na dtuismitheoirí i gcás nach bhfuil rochtain ag rúnaí/oifigeach cléireachais ná cisteoir ar ráitis bhainc chumann na dtuismitheoirí nó ar fhaisnéis bhainc chumann na dtuismitheoirí.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 1820 | Sócmhainní Reatha Chomhairle/Chumann na dTuismitheoirí<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3700 | Ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí<br>Ioncam |

**Céim 2**

Ag deireadh na bliana, ba cheart ráitis bhainc chumann na dtuismitheoirí a sholáthar don chuntasóir agus ansin beidh sé in ann an t-ioncam a rangú mar ioncam neamhshrianta/srianta

**Neamhshrianta:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 3700 | Ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí Ioncam |
| | CR | 3575 | Tiomsú Airgid Neamhshrianta Scoile (Neamhchaipitiúil) Ioncam |

**Srianta:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 3700 | Ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí Ioncam |
| | CR | 3574 | Tiomsú Airgid Srianta (Neamhchaipitiúil) Ioncam |

**2.2. Caiteachas**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Chumann na dTuismitheoirí ar Thiomsú Airgid (Neamhchaipitiúil) | DR | 4922 **nó** 4925 | Costais Tiomsaithe Airgid Shrianta Scoile (Neamhchaipitiúil) **nó** Costais Tiomsaithe Airgid Neamhshrianta Scoile (Neamhchaipitiúil) Caiteachas |
| | CR | 1820 | Cuntas Bainc Chumannn/Chomhairle na dTuismitheoirí Sócmhainn Reatha |

**Tuilleadh eolais:**

Cliceáil “Míniú ar Chairt Ioncaim agus Caiteachais na gCód Ainmniúil” chun tuilleadh eolais a fháil ar na cóid ainmniúla srianta/neamhshrianta.

**2.3 Cuntas le haghaidh ioncam ó thiomsú airgid srianta neamhchaite ó chumann na dtuismitheoirí**

Is ioncam imfhálaithe é ioncam ó thiomsú airgid srianta ó chumann na dtuismitheoirí agus ní mór an t-iarmhéid neamhchaite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air sa chód ainmniúil 2172 Ioncam Imfhálaithe Neamhchaipitil Eile Gan Chaitheamh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Srianta<br>Ioncam ó thiomsú airgid Chumann na dTuismitheoirí (Neamhchaipitil) | DR | 3574 | Srianta Tiomsú Airgid Scoile (Neamhchaipitiúil) Ioncam |
| | CR | 2172 | Ioncam Imfhálaithe Neamhchaipitil Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |